

Ráiteas Físe Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí don Ghaeilge

Tá BOO Chiarraí tiomanta do chosaint a thabhairt d'úsáid laethúil na Gaeilge i gCiarraí agus an teanga a chur chun cinn trí bhearta na scéime. Tá aistriú teanga ag tarlú sa Ghaeltacht faoi láthair agus baineann BOO Chiarraí leas as na tuiscintí atá ann ar an bproiséas seo chun cinntí a thógaint maidir le cad iad na seirbhísí atá le cur ar fáil agus cad é an tslí is fearr le hiad a chur ar fáil.